

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Beartas Frith-Chalaoise

Ainm an Bheartais:	Beartas Frith-Chalaoise
Aitheantóir an Bheartais:	NLI-POL-0007
Uimhir an Leagain:	1.0
Úinéir an Bheartais:	Oifig an Stiúrthóra
Comhlacht Formheasta:	Bord NLI
Dáta Formheasa:	11/06/2026
Minicíocht Athbhreithnithe:	3 Bliana
An Chéad Dáta Athbhreithnithe Eile:	Ráithe 3, 2029
Rangú Sonraí:	Poiblí
Grúpaí Infheidhme:	☒ Gach Fostaí de chuid an NLI ☒ Baill de Bhord an NLI ☒ Baill de Choistí Boird an NLI ☒ Conraitheoirí a fhostaítear faoi Chonradh i gComhair Seirbhísí ☒ Díoltóirí agus Soláthraithe Seirbhíse Tríú Páirtí ☐ Fothacar d'Fhostaithe NLI mar atá leagtha amach sa rannóg Scóip thíos ☐ Eile mar a leagtar amach sa rannóg Scóip thíos

1.0 Réamhrá

- 1.1** Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) tiomanta do chalaois agus d'éilliú a chosc. Tá meon neamhfhulaingthe aige i leith calaoise agus éillithe.
- 1.2** D'fhéadfadh calaois nó éilliú tarlú go hinmheánach nó go seachtrach agus d'fhéadfadh fostaithe, Stiúrthóirí Boird, comhairleoirí, díoltóirí, conraitheoirí, gníomhaireachtaí seachtracha a dhéanann gnó le fostaithe gníomhaireachtaí den sórt sin, oibrithe deonacha, aon duine a dhéanann ionadaíocht do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcáil oifigiúil agus/nó aon pháirtithe eile a bhfuil caidreamh gnó acu le NLI, ina n-aonar nó i gclaonpháirt le daoine eile, iad a dhéanamh.
- 1.3** Ba cheart an Beartas seo a léamh in éineacht leis an méid seo a leanas:
- Beartas um Bainistíocht Riosca agus Clár Rioscaí
 - Beartas Soláthair
 - Iompar Gnó d'Fhostaithe
 - Beartas maidir le Bronntanais, Siamsaíocht & Fáilteachas a Sholáthar
 - Beartas um Nochtadh Cosanta
 - An Chairt um Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
 - Nósanna imeachta eile chun imní a imscrúdú mar atá leagtha amach i Lámhleabhar Foirne an NLI, sa Bheartas um Dhínit san Ionad Oibre, sa Bheartas um Chasaoid agus i mbeartais eile a d'fhéadfaí a fhorbairt ó am go ham.
- 1.4** Áirítear ar an reachtaíocht a bhaineann leis an mBeartas seo:
- An tAcht Carthanas, 2009
 - An tAcht Um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010
 - An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011
 - An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015
 - An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018
 - An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 agus an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022.

2.0 Cuspóir

Is é cuspóir an Bheartais Frith-Chalaoise seo úsáid chuif airgeadas agus acmhainní Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chosaint agus freagrachtaí na ndaoine a oibríonn di agus thar a ceann a leagan amach maidir le seasamh an NLI i leith calaoise a urramú agus a chosaint.

3.0 Scóip

Baineann an Beartas Frith-Chalaoise seo le baill Bhoird Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus le foireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Beidh aon bhall foirne a bhfaighfear fianaise prima facie calaoise ina leith faoi réir nósanna imeachta smachta i gcomhréir le Beartais Chomharthaíochta agus Smachta an NLI ina n-áirítear dífhostú. D'fhéadfadh daoine aonair den sórt sin a bheith faoi réir caingean dlí freisin. Cuirfear an tAire ar an eolas má aimsítear fianaise prima facie ar chalaois i gcoinne aon bhall den bhord. D'fhéadfadh daoine aonair den sórt sin a bheith faoi réir caingean dlí freisin.

Baineann an beartas seo le calaois a bhaineann le cistí agus sócmhainní an NLI agus tá sé infheidhme maidir le gach ciste, sócmhainn, deontas agus tionscadal comhairleachta atá faoi rialú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus atá á riar ag an NLI.

Tá Beartas Frith-Chalaoise an NLI ina phríomhchuid dá phróiseas bainistithe riosca. Ba cheart do bhaill an bhoird agus do bhaill foirne a chinntiú go bhfuil siad eolach ar cheanglais bheartais ábhartha an NLI.

4.0 Sainmhínithe

Úsáidtear an téarma 'calaois' chun cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha mímhacántachta den sórt sin amhail caimiléireacht, breabaireacht, brionnú, sracaireacht, éilliú, gadaíocht, comhcheilg, cúigleáil, mí-leithghabháil, bréagléiriú, cealú fíoras ábhartha, dúmas bréige, cuntasáíocht bhréagach agus claonpháirteachas a bhfuil roimhe seo. Chun críocha an bheartais seo, áirítear leis an téarma 'calaois' iarracht ar chalaois.

Ar mhaithe le cuspóirí praiticiúla, féadfar calaois a shainmhíniú mar úsáid a bhaint as caimiléireacht chun buntáiste a fháil nó chun iarracht a dhéanamh buntáiste a fháil, chun oibleagáid a sheachaint nó chun caillteanas a chruthú do pháirtí eile.

Calaois

- 4.1 Úsáidtear an téarma calaois go coitianta chun cur síos a dhéanamh ar úsáid na caimiléireachta, chun duine nó páirtí eile a bhaint de rud éigin, a chur faoi mhíbhuntáiste, nó chun caillteanas a chruthú do dhuine éigin eile. D'fhéadfadh go mbeadh goid, mí-úsáid cistí nó acmhainní eile nó coireanna níos casta amhail cuntasáíocht bhréagach agus soláthar faisnéise bréagaí i gceist leis sin. Úsáidtear an téarma calaois go ginearálta sa Bheartas seo agus cumhdaítear leis gníomhartha coiriúla amhail breabaireacht, brionnú, sracaireacht, éilliú, gadaíocht, comhcheilg, cúigleáil, mí-leithghabháil agus claonpháirteachas.

Breabaireacht

- 4.2 Chun críche an Bheartais seo, ciallaíonn “breab” aon bhuntáiste, cibé acu buntáiste airgeadaíochta nó buntáiste de chineál eile, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, tionchar míchuí, fabhair a fháil agus éilliú. Is éard atá i gceist le breabaireacht aon rud luachmhar a thabhairt nó a fháil agus níl sí teoranta d'airgead tirim. D'fhéadfadh soláthar deiseanna gnó nó conarthaí fabhracha a bheith i gceist leis sin.

4.3 Éilliú

Cineál sonrach calaoise is ea an t-éilliú ina mbíonn beirt nó níos mó i gceist agus ina dtairgeann, ina dtugann, ina n-iarrann nó ina nglacann páirtí amháin le haon dreasú, luach saothair, buntáiste nó sochar, airgeadais nó eile, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomh an pháirtí eile. I measc roinnt príomhréimsí inní maidir le héilliú tá; tairiscintí agus dámhachtain conarthaí, ceapadh comhairleoirí agus gnó a dhéanamh le soláthraithe áirithe nó teagmháil a dhéanamh leo.

4.4 Is féidir le gníomhartha arb ionann iad agus calaois, breabaireacht nó éilliú na nithe seo a leanas a chumhdach, ach níl siad teoranta dóibh:

- Damáiste, gadaíocht, láimhseáil mhíchuí nó baint aon chuid de chuid bailiúcháin an NLI;
- Aon ghníomh mímhacánta nó calaoiseach;
- Saoire bhliantúil nó aon chineál saoire eile a ghlacadh gan aon chead a fháil ó do bhainisteoir líne nó gan cead oifigiúla a fháil;
- É sin a thaifeadadh ar an gcóras saoire;
- Brionnú na n-amanna freastail oibre, agus tú ar an láthair agus ag cianobair araon;
- Éilimh ar Thaisteal agus ar Liúntas Cothaithe a Bhrionnú;
- Mí-leithghabháil cistí, soláthairtí, nó sócmhainní eile;
- Míchuí i láimhseáil nó i dtuairisciú airgid nó idirbheart airgeadais;
- Brionnú, amhail síniú a bhrionnú;
- Mí-fheidhmiú d'aon ghnó ar threoirlínte soláthair;
- Mífhaisnéis a thabhairt d'iniúcháir;
- Brabúsaíocht mar thoradh ar eolas ón taobh istigh ar ghníomhaíochtaí an NLI;
- Faisnéis rúnda agus dílseánaigh a nochtadh do pháirtithe seachtracha, go háirithe maidir le nósanna imeachta agus córais slándála;
- Socruithe slándála atá á ndéanamh nó atá á mbreithniú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a nochtadh do dhaoine eile;
- Aon rud a bhfuil luach ábhartha leis a ghlacadh nó a lorg ó chonraitheoirí, ó dhíoltóirí, nó ó dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí/ábhair don NLI, de réir an Bheartais maidir le Bronntanais, Siamsaíocht & Fáilteachas a Sholáthar;
- Scriosadh, baint nó úsáid mhíchuí taifead, troscáin, daingneán agus trealaimh;
- Aon neamhrialtacht chomhchosúil nó ghaolmhar.

5.0 Beartas

A. Prionsabail Ghinearálta

5.1 Is é polasaí an NLI cultúr ionracais agus macántachta a chur chun cinn agus acmhainní an NLI a chosaint trína chinntiú go laghdaítear deiseanna calaoise agus éillithe go dtí an leibhéal riosca is ísle agus is féidir tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- córas éifeachtach rialachais agus rialaithe inmheánaigh a oibriú

- an gá agus an riachtanas atá le hardchaighdeáin iompair phearsanta a chur chun cinn tríd *an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*
- beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte gaolmhara a scaipeadh
- cultúr trédhearcachta a chur chun cinn
- a áirithiú go ndéantar rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear deighilt dualgas, rialuithe athbheithnithe bainistíochta, rialuithe rochtana, agus cosaintí córais a dhearadh, a chur chun feidhme, monatóireacht a dhéanamh orthu, agus a fheabhsú go leanúnach chun calaois a chosc agus a bhrath
- go bhfuil na hacmhainní agus na struchtúir bhainistíochta iomchuí i bhfeidhm chun aon chás calaoise a bhrath
- bainistiú tráthúil agus iomchuí a dhéanamh ar aon líomhain calaoise i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta ábhartha
- cóir chomhionann chothrom a thabhairt do gach duine a bhíonn faoi réir imscrúdú calaoise.

D'fhéadfaí a mheas gur cúlpháirtí i ndiaidh an ghnímh iad daoine aonair a chuireann calaois a dtagann siad ar an eolas fúithi faoi cheilt, nó ar cheart dóibh teacht ar an eolas fúithi, a chuireann bac uirthi, nó nach dtuairiscíonn nó nach ndéanann monatóireacht uirthi, agus d'fhéadfaí gníomh smachtaithe a dhéanamh ina leith. D'fhéadfadh daoine a bhagraíonn díoltas i gcoinne duine a thuairiscíonn calaois amhrasta a bheith faoi réir gníomh smachtaithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith i gceist le daoine a thuairiscíonn calaois agus a bhfuil a fhios acu go bhfuil an líomhain bréagach.

- 5.2 Leasaíonn agus comhdhlúthaíonn an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018 an dlí a bhaineann le héilliú a chosc. Ciallaíonn an tAcht seo gur féidir fíneáil a ghearradh ar dhaoine aonair (amhail baill foirne, conraitheoirí, baill boird, baill choiste, daoine seachtracha a bhíonn ag caidreamh leis an NLI, etc.) agus/nó iad a chur i bpríosún as gníomhartha éillithe áirithe mar a shainítear sa reachtaíocht. Áirítear orthu sin (ach gan a bheith teoranta dóibh) na cionta éilliú gníomhach agus éilliú éighníomhach agus an cion bronntanas, comaoine nó buntáiste a thabhairt do dhuine agus a fhios aige nó aici go n-úsáidfear é chun cion faoin Acht a éascú.

Ina theannta sin, is féidir an eagraíocht féin a chur faoi dhliteanas as gníomhartha a cuid ball boird agus coiste, a cuid oifigeach agus a cuid bainisteoirí sinsearacha.

- 5.3 Tá an dualgas ar gach duine a oibríonn laistigh den NLI nó don NLI a bheith ar an airdeall. Níl aon chuid den iompar atá leagtha amach thuas inghlactha. Sula ndéanfar aon rud a mheastar go bhféadfadh sé a bheith i gcoimhlínt leis an mBeartas seo nó a bheith ina shárú air, ba cheart comhairle a lorg ón mbainisteoir líne ábhartha. Má tá nó má bhí aon iompar ann a bhfuil amhras

ann gur sárú ar an mBeartas seo é, tá sé d'oibleagáid ort é a thuairisciú gan mhoill de réir an Bheartas um Nochtadh Cosanta. Déanfaidh an NLI iarracht do thuairisc agus d'aitheantas a láimhseáil agus an discríd agus an rúndacht is mó i bhfeidhm acu, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh gá an rúndacht sin a tharscaoileadh i gcúinsí áirithe (mar shampla, mar a éilítear leis an dlí nó ar mhaithe le leas an phobail). Déileálfar le gach tuairisc faoi chalaois nó faoi chalaois amhrasta de réir phrionsabail an cheartais nádúrtha, na hoibiachtúlachta, na neamhchlaontachta, na rúndachta agus an phróis chuí mar atá leagtha amach sa Bheartas um Nochtadh Cosanta.

6.0 Róil agus Freagrachtaí

An Bord	Tá sé de fhreagracht ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chinntiú go bhfuil Beartas Calaoise cuí i bhfeidhm agus, le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm trí thuarascálacha tréimhsiúla ón Stiúrthóir. Tá sé de fhreagracht ar bhaill an bhoird agus na gcoistí freisin a chinntiú go gcloíonn siad le forálacha an Bheartais seo, lena n-áirítear an dualgas iompar calaoiseach a thuairisciú.
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Maidir le calaois agus éilliú a chosc, is iad seo a leanas ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC): • Maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Bheartais Frith-Chalaoise trí thuarascálacha tréimhsiúla ón Stiúrthóir; • Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaigh mar a bhaineann sé le calaois nó éilliú a chosc nó a bhrath; • A fháil amach an bhfuil an Beartas á chur i bhfeidhm go praiticiúil nó nach bhfuil. Tá freagracht ar chomhaltaí an ARC freisin a áirithiú go gcloíonn siad le forálacha an Bheartais seo, lena n-áirítear an dualgas iompar calaoiseach a thuairisciú.
Baill Choiste an Bhoird	Tá sé de fhreagracht ar gach ball den choiste (cibé acu an bhfuil siad ina mbaill den Bhord nó nach bhfuil) a chinntiú go gcloíonn siad le forálacha an Bheartais seo, lena n-áirítear an dualgas iompar calaoiseach a thuairisciú.
An Fhoireann Ceannaireachta	Táthar ag súil go gcuirfidh an Fhoireann Ceannaireachta (LT) cultúr frithchalaoise agus frithéillithe chun cinn agus go dtabharfaidh sí eiseamláir trí na nósanna imeachta agus na rialuithe a chomhlíonadh go hiomlán. Coinníonn an Stiúrthóir (le cúnamh ón gCeannaire Foirne) an fhreagracht dheiridh as an gcreat Frith-Chalaoise laistigh den

	eagraíocht, rud a dhéantar trí: • Na rioscaí a bhfuil córais, oibríochtaí agus nósanna imeachta neamhchosanta orthu a shainaithint; • Rialuithe éifeachtacha a fhorbairt agus a choinneáil chun calaois a chosc agus a bhrath; • A áirithiú go bhfuil na rialuithe á gcomhlíonadh; • Oiliúint ionductaithe agus oiliúint rialta a sholáthar do bhaill foirne a bhfuil baint acu le córais rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go gcuirfear a gcuid freagrachtaí i dtábhacht agus go neartófar iad go rialta; • A áirithiú go gcuirfear an Beartas in iúl don fhoireann go léir agus do na páirtithe ábhartha go léir (lena n-áirítear na páirtithe sin a bhfuil gnó ag an NLI leo); • A chinntiú go gcuirtear an Beartas in iúl don fhoireann go léir nuair a thosaíonn siad; • A áirithiú go ndéanfar imscrúdú críochnúil ar chalaois/éilliú, agus go ngearrfar pionós go tapa agus go cuí; • Tuarascálacha tréimhsiúla a sholáthar chun chur ar chumas an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta Inmheánaigh (ARC) monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean.
Bainisteoirí Líne	Is iad na bainisteoirí líne go léir a bhfuil maoirseacht dhíreach acu ar bhaill foirne na príomhdhaoine atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le beartais, nósanna imeachta agus próisis laistigh dá réimsí oibre. Ba cheart do bhainisteoirí a áirithiú go bhfuil gach fostaí laistigh dá réimsí freagrachta ar an eolas faoi rioscaí calaoise agus éillithe agus go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann leis an NLI a chosaint ina n-aghaidh. Ba cheart dóibh a bheith ar an airdeall go bhféadfadh teagmhais nó idirbhearta neamhghnácha a bheith ina siomptóim de chalaois nó d'éilliú. Tá sé de fhreagracht ar bhainisteoirí líne a chinntiú go bhfuil córas leordhóthanach rialaithe inmheánaigh ann laistigh dá réimsí freagrachta agus go n-oibríonn na rialuithe go héifeachtach. Mar chuid den fhreagracht sin, ceanglaítear ar bhainisteoirí líne an méid seo a leanas a dhéanamh: • Fostaithe NLI a chur ar an eolas faoin mBeartas seo, faoi Chód Iompair Ghnó NLI d'Fhostaithe agus faoi aon pholasaí eile a bhaineann lena réimse oibre, mar chuid dá bpróiseas ionductaithe; • A chinntiú go gcuirfear ar an eolas na fostaithe go léir a bhfuil siad freagrach astu faoi cheanglais an Bheartais seo; • Na rioscaí a bhfuil córais, oibríochtaí agus nósanna imeachta neamhchosanta orthu a mheas; • Cloí leis na ceanglais maidir le hiniúchtaí inmheánacha i

	gcás ina bhfuil feidhm acu maidir le seiceálacha maoirseachta, deighilt dualgas agus rialuithe chun calaois nó éilliú a chosc agus a bhrath; • A chinntiú go bhfuil na rialuithe á gcomhlíonadh ina réimsí freagrachta; • Cultúr frithchalaoise agus frith-éillithe a spreagadh i measc na foirne. Féadfaidh bainisteoirí líne comhairle a lorg ón bhFoireann Ceannaireachta (LT) agus/nó ón Iniúchóir Inmheánach chun cúnamh a fháil maidir leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.
Freagrachtaí foirne	Tá sé de fhreagracht ar gach ball foirne ábhar an Bheartais seo a léamh agus eolas a bheith acu air agus aon chásanna amhrasta calaoise/éillithe nó riosca calaoise/éillithe a thuairisciú i gcomhréir leis an mBeartas maidir le Nochtadh Cosanta. Tá gach fostaí á rialú ina chuid nó ina cuid oibre ag an gCód Iompair Gnó d'Fhostaithe agus ag beartais ábhartha eile. I measc na gcroiluachanna atá mar bhunús leis an gCód tá macántacht, dílseacht agus cothroime. Cuirtear na beartais seo in iúl do gach fostaí nuair a thosaíonn siad ag obair. Tá feasacht na foirne ar bheartas agus ar nósanna imeachta bunriachtanach d'oibriú éifeachtach na heagraíochta. Ina theannta sin, tá fostaíthe freagrach as cloí leis na treoracha a thugann an lucht bainistíochta, go háirithe na treoracha a bhaineann le sócmhainní a chosaint. Ba cheart d'fhostaithe: • A gcuid dualgas a chomhlíonadh agus aird chuí á tabhairt ar an reachtaíocht ábhartha agus ar bheartais agus ar nósanna imeachta an NLI; An Beartas maidir le Bronntanais, Fóillíocht & Fáilteachas a chomhlíonadh agus cloí leis; • A mbainisteoir líne a chur ar an eolas faoi aon leasanna seachtracha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a gcuid dualgas nó cur isteach orthu; • A bheith ar an eolas faoi rioscaí calaoise agus éillitheachta agus tuiscint a bheith agat ar an tábhacht a bhaineann leis an NLI a chosaint ina gcoinne; • A áirithiú go gcosnófar aon airgead/cistí/sócmhainní a chuirtear de chúram orthu; • A bheith ar an airdeall faoin bhféidearthacht go bhféadfadh teagmhais nó idirbhearta neamhghnácha a bheith ina léiriú ar chalaois nó ar éilliú; • A chur in iúl don lucht bainistíochta aon ábhair imní atá acu maidir le cúrsaí an NLI a sheoladh nó maidir le húsáid shócmhainní agus acmhainní an NLI; • Aon eolas nó amhras bailí maidir le calaois nó éilliú a bheith ann san ionad oibre a thuairisciú i gcomhréir leis an

	mBeartas um Nochtadh Cosanta; • Bainistíocht a chur ar an eolas faoi laigí i gcórais rialaithe; • Cloí leis na beartais ábhartha maidir le cumarsáid agus cosaint sonraí agus slándáil faisnéise de chuid an NLI; • Cuidiú le haon imscrúdú a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le calaois nó amhras faoi chalaois.
Oibrithe Deonacha	Tá sé de fhreagracht ar oibrithe deonacha NLI cloí leis na prionsabail agus na treoirlínte céanna maidir le calaois mar a bhaineann sé le foireann uile Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (lena n-áirítear an dualgas an rud céanna a thuairisciú).
Freagrachtaí an Chonraitheora	Tá sé de fhreagracht ar chonraitheoirí agus ar ghníomhairí seachfhoinsithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cloí leis na prionsabail agus na treoirlínte céanna maidir le calaois mar a bhaineann sé le foireann uile NLI (lena n-áirítear an dualgas an rud céanna a thuairisciú), agus cuirfear an fhoráil seo san áireamh i ngach conradh seachtrach de chuid NLI.
Díoltóirí agus Soláthraithe Seirbhíse Tríú Páirtí	Is ar na daoine a bhíonn ag plé leis an NLI nó a dhéanann gnó leis an NLI atá an fhreagracht as na caighdeáin eiticiúla a éilítear leis an mBeartas seo a chosaint. Ní glacann an NLI beag ná mór le calaois i ndáil lena fhoireann, lena ionadaithe, lena chonraitheoirí, nó leo siúd a ndéanann sé gnó leo, agus ní mór dár bhfoireann agus dár gconraitheoirí aon teagmhais/amhras/iarrachtaí calaoise a thuairisciú dúinn agus beidh smachtbhannaí tromchúiseacha mar thoradh air sin.
Freagrachtaí AD	Beart coisctheach lárnach chun calaois agus éilliú a dhíspreagadh is é céimeanna éifeachtacha a ghlacadh ag céim na hearcaíochta chun taifead roimhe seo na mball foirne ionchasacha a shuí, a mhéid is féidir, i dtéarmaí a nósmaireacht agus a mhacántacht. Is iad seo a leanas freagrachtaí na nAcmhainní Daonna: • Tagairtí gach baill foirne nua a sheiceáil nó cuidiú leis an bhFoireann Ceannaireachta déanamh amhlaidh (lena n-áirítear imréiteach an Gharda Síochána a lorg – más cuí é sin agus i gcomhréir le cosaint sonraí). • Deimhniú a iarraidh ar an mbainistíocht shinsearach go bhfuil tréimhsí promhaidh a bhfoirne curtha i gcrích go sásúil; • Cód lompair agus Lámhleabhar Foirne an NLI a eisiúint tráth an cheapacháin; • Cuidiú le bainisteoirí líne na Níosanna Imeachta Araíonachta de chuid an NLI a chur chun feidhme agus a oibriú nuair is gá;

	• A chinntiú go n-eiseofar beartais fostaíochta agus polasaithe ábhartha eile, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le calaois, ag an ionduchtú.
Freagrachtaí an Iniúcháir Inmheánaigh	Le hiniúcháireacht inmheánach tugtar dearbhú réasúnta do bhainistíocht an NLI go bhfuil rioscaí suntasacha na heagraíochta á mbainistiú go cuí agus béim á cur ar rialuithe inmheánacha agus ar phróisis rialachais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: • Níosann imeachta a chur chun cinn lena sainathnítear rialuithe ar cheart a bheith i bhfeidhm; • Moltaí soiléire a thabhairt i gcás ina bhfuil laigí rialaithe aitheanta; • A chinntiú go bhfuil ranna ag déanamh faireachán leanúnach ar bhainistíocht riosca agus ar chórais rialaithe mar fhreagairt ar thimpeallacht atá ag athrú i gcónaí; • A áirithiú go gcuirtear an fhéidearthacht go ndéanfar calaois san áireamh san obair iniúcháireachta; • Más cuí agus i gcomhréir leis an nós imeachta iniúcháireachta gairmiúil comhaontaithe, cuidiú le himscrúduithe calaoise de réir mar is gá agus nuair is gá. • Cuirtear san áireamh sna hiniúchtaí an fhéidearthacht go mbeidh calaois agus éilliú i gceist ach ní féidir a ráthú go mbraithfear iad i gcónaí. Tugtar tús áite do na hiniúchtaí a dhéanann an tIniúcháir Inmheánach chun leibhéil an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a léiriú agus beidh minicíocht na n-iniúchtaí ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in aon bhliain ar leith.

7.0 Tacaíocht d'Fhostaithe

Ní neamhchoitianta é go mbraitheann fostaithe buartha nó trína chéile agus iad ag éascú nó ag comhoibriú le hábhair dheacra amhail amhras faoi chalaois nó faoi éilliú ag an obair. Féadfaidh baill foirne a mheasann go mb'fhéidir go mbeadh comhairleoireacht de dhíth orthu iad féin a atreorú go rúnda chuig seirbhís cúnamh d'fhostaithe an NLI, de réir na sonraí i Lámhleabhar na Foirne.

8.0 Impleachtaí maidir le Neamhchomhlíonadh an Bheartais seo

8.1 Tá an NLI an-dáiríre maidir leis an mBeartas seo agus lorgaítear gach smachtbhanna cuí, lena n-áirítear smachtbhannaí coiriúla, sibhialta agus

araíonachta. Déileálfar le smachtbhreitheanna de réir na nósanna imeachta a leagtar amach i Nósanna Imeachta Smachta agus Casaoide an NLI.

8.2 Má tá aon pháirtí eile lena mbaineann an Beartas seo neamhchomhlíontach leis, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí moladh a gconradh leis an NLI a fhoirceannadh.

8.3 I gcás ina gciallaíonn neamhchomhlíonadh an Bheartas seo sárú ar bheartas eile, beidh feidhm ag na hiarmhairtí a leagtar amach sa Bheartas sin.

8.4 I gcás ina gciallaíonn neamhchomhlíonadh an Bheartais seo sárú ar an reachtaíocht, beidh feidhm ag na hiarmhairtí mar atá leagtha amach sa phíosa reachtaíochta sin. Áirítear leis sin na cinn a leagtar amach san Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018.

9.0 Cur chun feidhme

A. An beartas seo a chur in iúl

9.1 Cuirfear an doiciméad seo ar fáil do gach ball foirne, do bhaill an Bhoird, do bhaill an Choiste, do chonraitheoirí seachtracha agus d'oibrithe deonacha.

9.2 Cuirfear an doiciméad seo ar fáil don fhoireann ag an ionductú.

9.3 Chun cur chuige an neamhfhulaingthe atá ag an NLI i leith calaoise agus éillithe a chur in iúl don phobal i gcoitinne, cuirfear an Beartas ar fáil ar shuíomh gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

B. Riarachán an bheartais seo

9.4 Déanfaidh an Stiúrthóir faireachán ar fhiosracht agus ar chomhlíonadh na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Bheartas seo agus tuairisceoidh sé nó sí don Choiste ARC. Tá an Stiúrthóir freagrach as an mBeartas seo a riar, a athbhreithniú, a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Déanfaidh na hIniúcháirí Inmheánacha athbhreithniú neamhspleách ar bhonn tréimhsiúil agus tuairisceoidh siad don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

9.5 Tiocfaidh an Beartas seo i bhfeidhm láithreach arna cheadú ag an mBord.

10.0 Tábla Staire na Leaganacha

Tugtar sonraí sa tábla seo a leanas faoin taifead formheasa don bheartas seo:

Uimhir an Leagain	Faofa/Tugtha faoi deara ag Foireann Ceannaireachta	Dáta Ceadaithe/Tugtha faoi deara ag Foireann Ceannaireachta	Faofa/Tugtha faoi deara ag an mBord	Dáta Ceadaithe/Tugtha faoi deara ag an mBord	Achoimre ar an athbhreithniú
1.0	02/04/2026			11/06/2026	

11.0 Tábla Rialaithe Athruithe

Sonraítear sa tábla seo a leanas na hathruithe a rinneadh ar an mbeartas seo:

Uimhir an Leagain a ndeachaigh an t-athbhreithniú i bhfeidhm air	Cuid	Cúis - Cur Síos